Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14178/20**

**CORDROGUE 80**
**SAN 483**
**COSI 255**
**RELEX 1026**
**UD 399**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13932/20 |
| Ábhar: | Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí dar teideal *Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025*, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad tríd an nós imeachta i scríbhinn an 18 Nollaig 2020.

# Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025

**RÉAMHRÁ – Aidhm, boinn agus cur chuige**

1. Soláthraíonn Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 (dá ngairfear 'an Straitéis' anseo feasta) an creat polaitiúil agus na tosaíochtaí uileghabhálacha do bheartas drugaí an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2025. Beidh creat, aidhm agus cuspóirí na Straitéise seo mar bhonn do Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí ó 2021 go 2025.

2. Is é is aidhm don Straitéis dea-bhail na sochaí agus an duine aonair a chosaint agus a fheabhsú, an tsláinte phoiblí a chosaint agus a chur chun cinn, ardleibhéal slándála agus dea-bhail a thabhairt don phobal i gcoitinne agus an litearthacht sláinte a mhéadú. Cur chuige atá fianaisebhunaithe, comhtháite, cothromaithe agus ildisciplíneach is ea cur chuige na Straitéise i ndáil le feiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Tá gné ann freisin a bhaineann le comhionannas inscne agus cothromas sláinte.

3. Faoi 2025, ba cheart tionchar foriomlán a bheith ag na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí i réimse na ndrugaí aindleathacha, arna gcomhordú tríd an Straitéis, ar na príomhghnéithe de staid drugaí an Aontais. Ba cheart dhá rud a dhéanamh le cur chun feidhme comhleanúnach, éifeachtach agus éifeachtúlacht na mbeart: is iad sin ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine, don chobhsaíocht shóisialta agus don tslándáil, agus rannchuidiú le hardú feasachta. Ba cheart aon iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a laghdú, agus cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

4. Tá an Straitéis bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar bhunphrionsabail dhlí an Aontais agus, ar gach aon bhealach, seasann sí le luachanna bunaidh an Aontas: meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an dlúthpháirtíocht, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine. Tá an Straitéis bunaithe freisin ar an dlí idirnáisiúnta, ar Choinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe[1] lena soláthraítear an creat dlí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí aindleathacha, agus ar Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. Cuireann an Straitéis seo san áireamh forbairtí beartais ar an leibhéal iltaobhach agus rannchuidíonn sí le dlús a chur lena gcur chun feidhme. Ar an gcéad dul síos, tacaíonn an tAontas go mór le toradh doiciméid ó Sheisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UNGASS) maidir le fadhb dhomhanda na ndrugaí dar teideal Our joint commitment to effectively addressing and countering the world drug problem [Ár ngealltanas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun í a chomhrac, ar bhealach éifeachtach], arb é an doiciméad beartais is cuimsithí i ndáil leis an méid sin. Tacaíonn sé freisin le dearbhú aireachta 2019 maidir lenár gcuid gníomhaíochtaí a neartú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun dlús a chur le cur chun feidhme ár ngealltanas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun í a chomhrac, le spriocanna infheidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, comhsheasamh chóras na Náisiún Aontaithe lena dtacaítear le cur chun feidhme an bheartais idirnáisiúnta rialaithe drugaí trí chomhar éifeachtach idirghníomhaireachta, agus leis na Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Cearta an Duine agus Beartas Drugaí. Dréachtaíodh an Straitéis seo ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach i gComhaontú Liospóin agus inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát aonair faoi seach á gcur san áireamh. Tugtar aird chuí ar an gcoimhdeacht agus ar an gcomhréireacht, toisc go bhfuil sé beartaithe breisluach a thabhairt do na straitéisí náisiúnta leis an Straitéis, agus riachtanais agus reachtaíocht náisiúnta á n-urramú ag an am céanna. Ba cheart an Straitéis a chur san áireamh i gcomhréir leis na prionsabail agus na hinniúlachtaí sin. Thairis sin, urramaíonn an Straitéis go hiomlán an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus is é ceart an duine chun sláinte is bonn leis an Straitéis, ar cheart feidhm a bheith aige maidir le gach duine gan beann ar aois nó inscne, mar shampla. Tá sé de cheart ag gach bean, fear agus leanbh, lena n-áirítear daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu, an caighdeán sláinte coirp agus meabhairshláinte is airde is féidir a bhaint amach, lena n-áirítear saoirse ó fhoréigean.

[1] Coinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú ag Prótacal 1972, Coinbhinsiún 1971 maidir le Substaintí Síceatrópacha agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí.Síceatrópacha.

5. Is beartas cothrománach é an beartas drugaí. Is saincheist náisiúnta agus idirnáisiúnta é freisin nach mór do gheallsealbhóirí éagsúla aghaidh a thabhairt uirthi i gcomhthéacs domhanda. Soláthraíonn an Straitéis creat coiteann fianaisebhunaithe chun freagairt ar bhealach comhsheasmhach ar fheiniméan na ndrugaí laistigh agus lasmuigh den Aontas. Tacaíonn sí le beartais náisiúnta agus comhlánaíonn sí iad, soláthraíonn sí creat i gcomhair gníomhaíocht chomhordaithe chomhpháirteach agus is í is bonn agus creat polaitiúil do chomhar seachtrach an Aontas sa réimse seo. Agus an méid sin á dhéanamh ag an Straitéis, áirithíonn sí go n-úsáidfear na hacmhainní a infheistítear sa réimse seo go héifeachtach éifeachtúil.

6. Cuireann an Straitéis le hionchur luachmhar sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *EU Agenda and Action Plan on Drugs 2021-2025* [Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025][2], i ndáil leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme straitéisí drugaí agus pleananna gníomhaíochta maidir le drugaí an Aontais a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear na torthaí ó na meastóireachtaí seachtracha a rinneadh orthu[3] agus cuireann sí leis an méid a bhain an tAontas amach sa réimse seo. Cuireann an Straitéis san áireamh freisin Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála do 2020-2025, plean straitéiseach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht Bia do 2016-2020, agus forbairtí beartais agus gníomhaíochtaí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i réimse na ndrugaí. Ina theannta sin, tá an Straitéis bunaithe ar mheasúnú leanúnach ar staid reatha na ndrugaí, go háirithe an measúnú arna sholáthar ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) agus Europol. Ar deireadh, cuireann sí san áireamh faisnéis a chuireann an tsochaí shibhialta ar fáil.

7. Tugtar aghaidh sa Straitéis ar dhúshláin atá ann cheana agus ar dhúshláin a bhfuil athrú ag teacht orthu agus baintear úsáid as na cuir chuige fianaisebhunaithe atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, i bhfianaise nádúr dinimiciúil agus casta fheiniméan na ndrugaí, rud a tháinig chun solais arís le linn phaindéim COVID-19, glacann an Straitéis cur chuige atá dírithe ar an todhchaí chun athruithe a réamh-mheas. Rinneadh fadbhreathnaitheacht straitéiseach a chomhtháthú agus é mar aidhm aige ullmhacht an Aontais a mhéadú agus freagairt éifeachtúil ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo a áirithiú.

---

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *EU Agenda and Action Plan on Drugs 2021-2025* [Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025].

3 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: Evaluation of the EU Drugs Strategy 2013-2020 and EU Action Plan on Drugs 2017-2020 [Meastóireacht ar Straitéis Drugaí an Aontais 2013-2020 agus ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2017-2020, Iúil 2020, SWD(2020) 150.

8. Tá an Straitéis bunaithe ar thrí réimse beartais agus rannchuideoidh gach ceann acu lena haidhm a bhaint amach: (I.) Laghdú ar sholáthar drugaí: Slándáil a Fheabhsú, (II.) Laghdú ar éileamh ar dhrugaí: cosc, cóireáil agus seirbhísí cúraim agus (III.) Aghaidh a thabhairt ar dhochair a bhaineann le drugaí; agus trí théama chothrománacha chun tacú leis an trí réimse beartais: (IV.) Comhar idirnáisiúnta, (V.) Taighde, nuálaíocht agus fadbhreathnaitheacht; agus (VI.) Comhordú, rialachas agus cur chun feidhme Ar an iomlán, tá 11 tosaíocht straitéiseacha sa Straitéis.

## I. LAGHDÚ AR SHOLÁTHAR DRUGAÍ: SLÁNDÁIL A FHEABHSÚ

Áirítear leis an laghdú ar sholáthar drugaí cosc, athchomhairliú agus cur isteach ar an gcoireacht a bhaineann le drugaí, go háirithe coireacht eagraithe, trí chomhar breithiúnach agus forfheidhmithe dlí, faisnéis, díchumasú, coigistiú sócmhainní coiriúla, imscrúduithe agus bainistiú teorainneacha.

I réimse an laghdaithe ar sholáthar drugaí, is é cuspóir na Straitéise freagairt, trí chur chuige fianaisebhunaithe, ar fhorbairt dhúshlánach mhargaí drugaí na hEorpa, arb é is príomhthréith di ard-infhaighteacht cineálacha éagsúla drugaí, urghabhálacha níos mó ná riamh, úsáid mhéadaitheach foréigin agus brabúis ollmhóra. Is é is aidhm don Straitéis, dá bhrí sin, rannchuidiú le cur isteach ar mhargaí drugaí aindleathacha traidisiúnta agus ar líne, le díchóimeáil grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le táirgeadh agus gáinneáil drugaí, le húsáid éifeachtúil an chórais ceartais choiriúil, le forfheidhmiú éifeachtach an dlí faoi stiúir faisnéise, le laghdú ar an bhforéigean a bhaineann leis na margaí drugaí aindleathacha, agus le faisnéis a roinnt níos mó lena n-áiritheofar cur chuige coiteann do na geallsealbhóirí uile atá freagrach.

***Tosaíocht straitéiseach 1:*** *Cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe ardriosca a bhaineann le drugaí agus a bhíonn ag feidhmiú i mBallstáit an Aontais, ar grúpaí iad a thagann astu nó a dhíríonn orthu; aghaidh a thabhairt ar naisc le bagairtí slándála eile agus feabhas a chur ar chosc na coireachta*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 1.1. Díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe ardriosca atá gníomhach ar fud an Aontais agus i margaí drugaí trasteorann; tosaíochtaí a leagan síos i sineirgíocht le timthriall beartais an Aontais don choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach (EMPACT)[4]; cur isteach ar shamhlacha gnó coiriúla, go háirithe na samhlacha sin lena gcothaítear comhar idir grúpaí coireachta eagraithe éagsúla; agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála eile.<br><br>1.2. Fáltais na ngrúpaí coireachta eagraithe atá páirteach sna margaí drugaí aindleathacha agus na hionstraimí a úsáideann siad a lorg, a rianú, a chalcadh agus a choigistiú.<br><br>1.3. Coireacht a bhaineann le drugaí a chosc agus béim ar leith á leagan ar an ngá atá ann an foréigean a chomhrac, an t-éilliú a theorannú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshaothrú grúpaí leochaileacha trí aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí bunúsacha is cúis lena rannpháirtíocht i margaí drugaí aindleathacha. |

4 https://www.europol.europa.eu/empact.

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

1.1. Ba cheart cur isteach ar ghrúpaí coireachta eagraithe ardriosca a bhaineann le drugaí. Ba cheart d'oibríochtaí, atá mórscála ó thaobh líon na ndrugaí nó an bhrabúis de, chomh maith leo siúd atá ar scála níos lú ach atá díobhálach go háirithe mar gheall ar chineál na ndrugaí a bhíonn i gceist, amhail substaintí sícighníomhacha nua (NPS), ópóidigh shintéiseacha, hearóin, cócaon agus meitiolamfataimín a bheith mar sprioc tosaíochta ar leibhéal an Aontais. Chun a áirithiú go mbeidh ann an éifeachtúlacht agus cur chuige fianaisebhunaithe, ba cheart tús áite a thabhairt don mhéid sin i sineirgíocht le timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach (EMPACT) lena sainaithnítear, lena dtugtar tús áite agus lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí trí chur chuige tráchtearraí-bhunaithe. Ina theannta sin, d'fhonn a struchtúr ceannais a chur trína chéile, ba cheart go mbeadh spriocanna ardleibhéil agus spriocanna bunaithe lárleibhéil araon, ar spriocanna iad atá tábhachtach chun leanúnachas oibríochtúil grúpaí coireachta eagraithe a chothú, ina dtosaíocht. Is ceart díriú ar gach gníomhaí ag a bhfuil dóthain taithí chun leanúnachas na n-oibríochtaí coiriúla a áirithiú. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na naisc atá ann idir an choiriúlacht dhruga-ghaolmhar agus cineálacha coiriúlachta tromchúisí eile.

1.2. Ba cheart fócasú ar rianú, lorgaireacht, calcadh, agus coigistiú na sócmhainní coiriúla móra a fhaightear as gáinneáil ar dhrugaí agus as cionta gaolmhara d'fhonn cumas na ngrúpaí coireachta eagraithe páirt a ghlacadh i gcoireanna agus in insíothlú an gheilleagair dhlíthiúil feasta a bhaint díobh. Chun dul i ngleic le gáinneáil ar dhrugaí go héifeachtach, ní mór dúinn a áirithiú nach rachaidh brabúis neamhdhleathacha ar ais isteach sa slabhra soláthair drugaí aindleathacha agus nach gcumasaíonn siad iompraíocht choiriúil amhail éilliú agus foréigean, nó cineálacha eile coireachta tromchúisí eagraithe, amhail gáinneáil ar dhaoine nó an sceimhlitheoireacht féin. Anuas air sin, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar bhearta chun teorainn a chur leis an úsáid choiriúil a bhaintear as ionstraimí lena n-éascaítear margadh na ndrugaí aindleathacha, amhail trealamh saotharlainne drugaí a úsáidtear chun drugaí aindleathacha a tháirgeadh, airm thine, doiciméid fhalsaithe agus teicneolaíocht chriptithe. Ar deireadh, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as ionstraimí urghafa agus coigistithe agus as fáltais na gcionta sin a bhaineann le drugaí chun tacú le bearta a laghdódh soláthar agus éileamh drugaí, a mhéid a cheadaítear sin leis an dlí náisiúnta.

1.3. Is den tábhacht an tionchar a bhíonn ag an gcoireacht a bhaineann le drugaí a aithint, go háirithe an tionchar a bhíonn ag an gcoireacht sin ar phobail, agus bagairtí na gcoireanna sin – amhail foréigean agus imeaglú, éilliú, sciúradh airgid agus a n-éifeacht dhiúltach ar an ngeilleagar dlíthiúil – a chomhrac. Ní mór freisin an dúshaothrú a dhéanann grúpaí coireachta eagraithe ar ghrúpaí leochaileacha a chomhrac, lena n-áirítear daoine óga agus iad siúd a bhfuil fadhbanna drugaí acu, trí chur chuige ildisciplíneach a úsáid i leith na mbunchúiseanna a thugann orthu páirt a ghlacadh i margaí na ndrugaí aindleathacha. Is mór an dúshlán na bagairtí sin a ghleic agus a chosc, agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; is dúshlán é a éilíonn gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais agus ar fud roinnt earnálacha.

***Tosaíocht straitéiseach 2:*** *Méadú a chur ar bhrath na gáinneála aindleathaí mórdhíola ar dhrugaí agus ar réamhtheachtaithe drugaí ag pointí iontrála agus fágála an Aontais*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 2.1. Smuigleáil drugaí agus réamhtheachtaithe drugaí isteach agus amach as an Aontas a chomhrac trí úsáid a bhaint as bealaí trádála dlisteanacha.<br>2.2. An faireachán a dhéantar ar thrasnuithe teorann nach cuid de bhealaí trádála seanbhunaithe iad a mhéadú ionas trasnú neamhdhleathach nó neamhdhearbhaithe theorainneacha seachtracha an Aontais a chosc ar bhealach níos éifeachtaí. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

2.1. Ba cheart na calafoirt, na haerfoirt, agus na pointí móraitheanta iontrála agus fágála talún san Aontas – a úsáidtear mar mhoil don gháinneáil mhórdhíola ar dhrugaí agus ar réamhtheachtaithe drugaí – a chur ar liosta ardtosaíochta le haghaidh gníomhaíocht atá spriocdhírithe ar gháinneáil ar dhrugaí. Ar na bearta ba cheart a ghlacadh, ba cheart go ndéanfaí anailís riosca custaim níos fearr ar choimeádáin agus ar lasta, próifíliú, comhroinnt faisnéise agus comhar éifeachtach i measc agus idir gníomhaireachtaí inniúla an Aontais, laistigh dá sainorduithe féin, agus na húdaráis rialaithe custaim agus teorann sna Ballstáit mar aon le gníomhaireachtaí ábhartha na dtíortha comhpháirtíochta. Aithnítear gur den ríthábhacht i gcomhrac na smuigleála drugaí malartú faisnéise feabhsaithe agus comhar níos dlúithe a bheith ann idir na húdaráis chustaim agus údaráis na bpóilíní. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar bhearta frith-éillithe a fhorbairt a thuilleadh agus a leathnú i ndáil leis na moil sin, agus ar aon éifeachtaí díláithrithe a thagann as idirghabhálacha éifeachtacha a bhrath.

2.2. Is den tábhacht faireachán a dhéanamh ar theorainneacha mara, talún agus aeir chun trasnuithe aindleathacha, a dhéantar mar chuid de mhargadh na ndrugaí, a chosc. Laistigh den raon feidhme sin, ba cheart gníomhaíochtaí feasachta staide ar theorainneacha seachtracha uile an Aontais a threisiú, lena n-áirítear faoi chuimsiú Frontex i gcomhar leis na Ballstáit. Ba cheart tús áite a thabhairt do na teorainneacha aeir agus mara, i ngeall ar na leochaileachtaí nádúrtha a bhaineann leo, an faireachán teoranta a dhéantar orthu agus i ngeall ar thábhacht straitéiseach spás ginearálta na heitlíochta[5], agus ba cheart tús áite a thabhairt freisin don Aigéan Atlantach agus don Mheánmhuir. Le linn phaindéim COVID-19, leanadh den loingseoireacht mhuirí gan bhac den chuid is mó agus bhí deiseanna gáinneála fós ar fáil do ghrúpaí coireachta eagraithe a raibh baint acu le hiompar mórdhíola drugaí go dtí an Eoraip[6]. Ba cheart gníomhaíochtaí amhail gníomhaíochtaí an Lárionaid Oibríochta agus Anailíse Muirí – Támhshuanaigh (MAOC (N)) a neartú agus a leathnú e.g. faireachán ar shoithí agus ar aerárthaí ar díol spéise iad agus a bhfuil drugaí aindleathacha á n-iompar acu, ar an bhfarraige mhór agus san aerspás timpeall na dteorainneacha muirí den Aontas is mó a mbaintear mí-úsáid astu, ar mhaithe le hiad a idircheapadh ar theacht dóibh chuig an gcéad chalafort iontrála a thabharfaidh isteach san Aontas iad, nó roimhe sin. Tá baol do shlándáil an Aontais i gceist freisin le spás ginearálta na heitlíochta. Tá méadú ag teacht ar an mí-úsáid a bhaineann gáinneálaithe drugaí as an spás sin, agus gan dóthain faireacháin á dhéanamh air go fóill.

5 Cumhdaítear leis an eitlíocht: aeriompar sceidealta, lena n-áirítear eitiltí paisinéirí agus lastais a oibríonn ar bhealaí sceidealaithe rialta, agus an eitlíocht ghinearálta, lena n-áirítear gach eitilt shibhialta tráchtála agus phríobháideach eile.

6 EMCDDA agus Europol, Margadh Drugaí an Aontais – Tionchar COVID-19, Bealtaine 2020.

***Tosaíocht straitéiseach 3:*** *Dul i ngleic le dúshaothrú bealaí lóistíochtúla agus digiteacha lena ndáiltear drugaí aindleathacha ar meán- agus mionscála agus ráta urghabhála na substaintí aindleathacha, a smuigleáiltear trí na bealaí sin i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach, a mhéadú*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 3.1. Dul i ngleic le margaí drugaí aindleathacha atá digea-chumasaithe.<br>3.2. Díriú ar an ngáinneáil a dhéantar ar dhrugaí trí na seirbhísí poist agus mearsheirbhísí.<br>3.3. Treisiú a dhéanamh ar na modhanna a úsáidtear chun faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí iarnróid agus abhann tras-Aontais, agus ar an spás eitlíochta i gcoitinne. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

3.1. Ba cheart díriú ar dhul i ngleic leis an méadú atá tagtha ar dhíolacháin drugaí aindleathacha, lena n-áirítear substaintí sícighníomhacha nua, trí ardáin meán sóisialta, aipeanna agus margaí idirlín/darknet, chomh maith le húsáid íocaíochtaí ar líne (lena n-áirítear criptea-airgeadraí) agus an chumarsáid dhigiteach chriptithe. Ba cheart feabhas a chur ar an rannpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach i dtaca leis sin.

3.2. Ba cheart díriú ar an ngáinneáil a dhéantar ar dhrugaí trí na seirbhísí poist agus na mearsheirbhísí, agus aird a thabhairt freisin ar thionchar phaindéim COVID-19. Más ea, ní mór faireachán níos déine a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na seirbhísí poist agus leis na mearsheirbhísí, ar lastais ina mbíonn substaintí aindleathacha. Is féidir ról na dteicneolaíochtaí nua agus na hintleachta saorga a scrúdú ar mhaithe le rialuithe agus nósanna imeachta a fheabhsú, lena n-áirítear measúnú riosca ar ítimí poist[7], ionas gur féidir sonraí leictreonacha ardleibhéil a chur chun feidhme go hiomlán maidir le gach ítim a thagann ó thíortha foinseacha (go hidirnáisiúnta agus laistigh den Aontas).

[7] Ítim poist: ítim, agus seoladh air, sa riocht deiridh ina mbeidh agus é á iompar ag soláthraí seirbhíse poist. Anuas ar ítimí comhfhreagrais, áirítear le hítimí den sórt sin freisin leabhair, catalóga, nuachtáin, tréimhseacháin agus beartáin phoist ina mbíonn marsantas bíodh luach tráchtála aige nó ná bíodh.

3.3. Táthar in ann leas a bhaint as naisc trasteorann iarnróid, as dobharbhealaí, agus as an spás eitlíochta ginearálta mar bhealaí féideartha chun drugaí a gháinneáil. Ní leor an faireachán a dhéanann údaráis forfheidhmiú an dlí orthu faoi láthair. Teastaíonn níos mó den fheasacht chun an faireachán agus imscrúduithe rioscabhunaithe spriocdhírithe a threisiú maidir le calafoirt bheaga mara agus abhann, aerstráicí beaga/áitiúla, agus stáisiúin traenach.

***Tosaíocht straitéiseach 4:*** *Na córais táirgthe drugaí aindleathacha a bhaint as a chéile agus an saothrú aindleathach a chomhrac; atreorú agus gáinneáil réamhtheachtaithe drugaí chun úsáide i dtáirgeadh aindleathach drugaí a chosc; agus aghaidh a thabhairt ar an dochar a dhéantar don chomhshaol*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 4.1. Saothrú aindleathach na ndrugaí, chomh maith le táirgeadh aindleathach drugaí sintéiseacha, a chomhrac.<br>4.2. Dul i ngleic le hatreorú agus le gáinneáil réamhtheachtaithe drugaí agus le forbairt ceimiceán malartach[8].<br>4.3. Aghaidh a thabhairt ar choireacht chomhshaoil a bhaineann le táirgeadh agus gáinneáil aindleathach drugaí. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

4.1. Ní mór do na húdaráis forfheidhmithe dlí tuilleadh dua a chur orthu féin chun saotharlanna drugaí sintéiseacha aindleathacha a bhrath agus a chur ó mhaith agus stop a chur le honnmhairiú drugaí aindleathacha a tháirgtear san Aontas. Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí agus do chomhlachtaí inniúla eile bearta a neartú chun saothrú aindleathach drugaí a ghleic.

4.2. Ní mór aghaidh a thabhairt, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar na saincheisteanna sin a bhaineann le hatreorú agus gáinneáil réamhtheachtaithe drugaí agus le forbairt ceimiceán malartach.

8 Cuimsítear leis an téarma 'ceimiceáin mhalartacha' an réimse leathan substaintí dá dtagraítear i dtuarascálacha oifigiúla agus neamhoifigiúla araon mar 'réamhtheachtaí dearthóra', 'réamhtheachtaí maisithe', 'réamh-réamhtheachtaí' nó 'druga maisithe', EMCDDA, Forbairt Réamhtheachtaithe Drugaí san Aontas Eorpach, 2019, lch 2.

4.3. Ní mór díriú ar an gcoireacht chomhshaoil sin a bhaineann le táirgeadh agus gáinneáil aindleathach drugaí. Maidir le dochar don chomhshaol, is den ríthábhacht aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a fhágtar ar an gcomhshaol, ar gach guais dá mbeidh ar an tsláinte, agus ar na costais a bhaineann leis an dramhaíl cheimiceach a eascraíonn as táirgeadh drugaí sintéiseacha aindleathacha, mar a aithnítear freisin in EMPACT. Ós amhlaidh atá, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na gnéithe sin a bhaineann le láimhseáil agus scriosadh drugaí aindleathacha urghafa, réamhtheachtaithe agus ceimiceán agus trealaimh eile a úsáidtear i dtáirgeadh drugaí aindleathacha, chomh maith le diúscairt éiceolaíoch na dramhaíola a thagann as.

## II. DRUG DEMAND REDUCTION (LAGHDÚ AR ÉILEAMH AR DHRUGAÍ): SEIRBHÍSÍ COISC, CÓIREÁLA AGUS CÚRAIM

Is éard atá i gceist le laghdú ar éileamh ar dhrugaí réimse de bhearta a threisíonn a chéile agus arb ionann tábhacht dóibh go léir, lena n-áirítear cosc (timpeallachta, uilíoch, roghnaitheach agus léirithe), luathbhrath agus idirghabháil, comhairleoireacht, cóireáil, athshlánú, ath-imeascadh sóisialta, agus téarnamh.

I dtaca le laghdú ar éileamh ar dhrugaí, is é aidhm na Straitéise rannchuidiú le forbairt fholláin shábháilte leanaí agus daoine óga, agus laghdú in úsáid na ndrugaí aindleathacha. Is aidhm di freisin moill a chur ar an aois ag a dtosaítear ag gabháil de dhrugaí, úsáid fhadhbach drugaí a chosc agus a laghdú, an spleáchas ar dhrugaí a chóireáil, foráil a dhéanamh don téarnamh agus don ath-imeascadh sóisialta agus rannchuidiú a dhéanamh trí bhíthin cur chuige comhtháite, ildisciplíneach fianaisebhunaithe, agus tríd an gcomhleanúnachas idir beartais sláinte, shóisialta agus ceartais a chur chun cinn agus a choimirciú.

***__Tosaíocht straitéiseach 5:__*** *__Úsáid drugaí a chosc agus feasacht maidir le héifeachtaí díobhálacha drugaí a mhúscailt__*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 5.1. Infhaighteacht na n-idirghabhálacha agus na straitéisí fianaisebhunaithe, timpeallachta, uilíocha um chosc a chur ar fáil, a chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, a mhéadú, i dtaca le spriocghrúpaí agus timpeallachtaí, chun cur le teacht aniar agus scileanna saoil agus roghanna maidir le dea-shláinte a neartú.<br>5.2. Infhaighteacht na n-idirghabhálacha fianaisebhunaithe spriocdhírithe um chosc a chur ar fáil, a chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, a mhéadú, i dtaca le daoine óga agus grúpaí leochaileacha eile.<br>5.3. Infhaighteacht beart luath-idirghabhála fianaisebhunaithe a chur ar fáil, a chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, a mhéadú.<br>5.4. An fhaisnéis eolaíoch is déanaí maidir le cosc a scaipeadh ar chinnteoirí agus ar chleachtóirí, agus oiliúint a chur ar fáil dóibh.<br>5.5. Aghaidh a thabhairt ar thiomáint atá lagaithe mar gheall ar dhrugaí. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

5.1. Cur chun feidhme leathan na n-idirghabhálacha agus na straitéisí fianaisebhunaithe, timpeallachta agus uilíocha um chosc, lena n-áirítear na cinn lena gcuirtear le teacht aniar, lena méadaítear litearthacht sláinte agus lena gcuirtear chun cinn scileanna agus deiseanna saoil chun stíleanna maireachtála folláine a roghnú, beidh sé tábhachtach ar mhaithe le sláinte, leas agus dea-bhail gach duine. Ina theannta sin, ba cheart cláir fhianaisebhunaithe ina ndírítear ar theaghlaigh a chur chun feidhme a thuilleadh, i gcás inar gá.

5.2. Ba cheart na bearta fianaisebhunaithe a bheith ar fáil agus curtha chun feidhme chun tacú le daoine atá faoi mhíbhuntáistí iomadúla faoi leith agus a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí, lena n-áirítear úsáid substaintí sícighníomhacha nua, agus a mbeadh baol níos mó ann go bhforbróidís pátrúin chontúirteacha maidir le húsáid drugaí. Ba cheart do chosc éifeachtach a bheith iomchuí don chomhthéacs sóisialta áitiúil agus do riachtanais an spriocphobail, a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch, agus a bheith sábháilte agus éifeachtach. Chun dul i bhfeidhm ar dhaoine óga, ba cheart leas iomlán a bhaint as bealaí nuálacha nua cumarsáide digití. Ba cheart do na bearta a chuirfear chun feidhme a bheith fianaisebhunaithe agus ba cheart dóibh tacú le caidrimh dhearfacha le piaraí agus le daoine fásta. Daoine óga i suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear scoileanna, teaghlaigh, siamsaíocht oíche, an áit oibre, an comhphobal, an t-idirlíon agus na meáin shóisialta, beidh siad ina spriocghrúpa tábhachtach ag na gníomhaíochtaí um chosc. Mar sin féin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na grúpaí sin a sainaithníodh a bheith an-leochaileach i ndáil le húsáid drugaí de réir taighde ábhartha Eorpach, náisiúnta agus áitiúil.

5.3. Bearta éifeachtacha a chur ar fáil agus, i gcás inar gá, cur le hinfhaighteacht na mbeart éifeachtach chun cosc a chur ar fhorbairt ghéar-neamhoird úsáide drugaí trí luath-idirghabhálacha spriocdhírithe iomchuí do dhaoine atá i mbaol géar-neamhoird den chineál sin, agus trí chomhar a éascú idir na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear tuismitheoirí agus teaghlaigh, iad siúd atá ag obair san oideachas nó i dtacaíocht teaghlaigh, líonraí, seirbhísí don óige, aontais mac léinn, eagraíochtaí spóirt agus líonraí daoine a úsáideann drugaí. Tá sé ríthábhachtach úsáid níos fearr a bhaint as gairmithe cúraim sláinte phríomhúil chun gur féidir úsáid thrioblóideach a shainaithint agus luath-idirghabhálacha gearra a thairiscint.

5.4. Comhthiomsaítear an fhianaise eolaíoch is déanaí leis na caighdeáin Eorpacha um dhrugaí a chosc, na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Úsáid Drugaí a Chosc arna n-eisiúint ag UNODC/EDS agus an Curaclam Eorpach um Chosc. Tá sé tábhachtach na huirlisí sin a scaipeadh agus tacú le cosc agus oiliúint fhianaisebhunaithe i measc cinnteoirí, ceannairí tuairimíochta agus cleachtóirí agus go leor cistiúcháin a leithdháileadh ar na bearta sin.

5.5. Ba cheart béim faoi leith a leagan ar thiomáint lagaithe mar gheall ar dhrugaí agus ar thimpistí a tharlaíonn de bharr daoine atá lagaithe mar gheall ar dhrugaí a chosc. Go háirithe, ní mór feasacht a mhúscailt chun aird a tharraingt ar na rioscaí a bhaineann le tiomáint agus duine lagaithe ag drugaí. Tá gá le tuilleadh taighde agus forbartha sa réimse sin chun freagairtí éifeachtacha beartais agus oibríochtúla a shainaithint agus a mheas, lena n-áirítear níos mó modhanna tástála inrochtana cois bóthair chun drugaí a bhrath.

***<u>Tosaíocht straitéiseach 6:</u>*** *<u>Rochtain ar sheirbhísí cóireála agus cúraim a áirithiú agus na seirbhísí sin a neartú</u>*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 6.1. A áirithiú go mbeidh rochtain ar sheirbhísí cóireála agus cúraim a oibríonn i ndlúth-chomhordú agus i ndlúthchomhar le seirbhísí tacaíochta sláinte agus sóisialta eile.<br>6.2. Piarobair a chur chun cinn.<br>6.3. Na bacainní ar rochtain ar chóireáil a shainaithint agus a leigheas agus, i gcás inarb iomchuí, cumhdach na seirbhísí cóireála agus cúraim a leathnú bunaithe ar riachtanais an duine aonair.<br>6.4. Stiogma a laghdú.<br>6.5. Cóireáil agus cúram a chur chun feidhme go forleathan agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais shonracha na mban.<br>6.6. Samhlacha cúraim atá oiriúnach do ghrúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chur chun feidhme.<br>6.7. Rochtain ar shubstaintí chun críoch leighis agus eolaíoch a chur ar fáil, agus i gcás inarb iomchuí, feabhas a chur ar an rochtain sin agus ar infhaighteacht agus úsáid iomchuí na substaintí sin. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

6.1. Rochtain dheonach neamh-idirdhealaitheach a áirithiú ar réimse leathan seirbhísí éifeachtacha fianaisebhunaithe, lena n-áirítear comhairleoireacht ghairmiúil, cóireáil shíceasóisialta, cóireáil iompraíochta agus cóireáil le cuidiú míochaine, lena n-áirítear teiripe chothabhála duinelárnach le hóipiamóidigh, athshlánú, ath-lánpháirtiú sóisialta agus cláir tacaíochta téarnaimh. Ní mór do na seirbhísí sin a bheith dea-chomhordaithe agus oibriú i gcomhar le seirbhísí eile sóisialta, sláinte, fostaíochta agus óige chun cúram iomlán comhleanúnach a chur ar fáil, chun a bheith chomh héifeachtach agus is féidir agus a bheith dírithe ar riachtanais an duine aonair agus ar neamhoird chomhghalracha atá ann cheana.

Ba cheart oiliúint do bhaill foirne a fhorbairt ar bhonn bearta fianaisebhunaithe. Ba cheart comhairleoireacht agus cóireáil fhianaisebhunaithe lena dtugtar aghaidh ar ilúsáid drugaí agus ar riachtanais shonracha daoine óga a úsáideann drugaí agus a dteaghlaigh a chur chun feidhme.

6.2. Ba cheart obair fhor-rochtana phiarthreoraithe agus obair phiarghrúpa a aithint mar chuid lárnach den phlean cúraim do dhuine a úsáideann drugaí, lena gcuirtear neamhspleáchas agus cumhachtú chun cinn agus lena n-aithnítear saineolas agus taithí an phiara. Ba cheart obair phiarthreoraithe a chur chun cinn mar bhealach chun faisnéis a chomhroinnt, tacaíocht a chur ar fáil agus feasacht i ndáil leis an bhfaisnéis ábhartha a mhúscailt i measc an chomhphobail a úsáideann drugaí.

6.3. Ní mór aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le rochtain ar sheirbhísí tacaíochta agus ar chóireáil agus ní mór a áirithiú go mbeidh na seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta ar fáil go leordhóthanach, go mbeidh go leor cistiúcháin acu, go mbeidh siad iomchuí do riachtanais a ngrúpaí cliant agus go gcuirfí an ghné inscne san áireamh leo. D'fhéadfadh tairiscintí r-shláinte a bheith san áireamh freisin, go háirithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Ba cheart na bacainní ar rochtain a laghdú i ndáil le príomh-shaintréithe an spriocghrúpa freisin, amhail tosca déimeagrafacha (e.g. aois, inscne, oideachas, cúlra cultúrtha) tosca staide (e.g. bochtaineacht, cúinsí teaghlaigh, ciorcal sóisialta, easpa dídine, imirce, príosúnacht), agus tosca pearsanta (e.g. sláinte coirp agus meabhairshláinte, míchumais, dea-bhail shíceolaíoch).

6.4. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an stiogmatú a bhaineann le húsáid drugaí agus le neamhoird úsáide drugaí, go háirithe ós rud é go bhféadfaí drochthionchar a bheith ag an stiogma sin ar mheabhairshláinte agus ar shláinte coirp na ndaoine a úsáideann drugaí agus go bhféadfadh sé nach lorgóidís tacaíocht mar gheall ar an stiogma sin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart cuimsiú na ndaoine a d'fhulaing faoi stiogma a bhaineann le drugaí a chur san áireamh agus beartais á bhforbairt.

6.5. Ní mór bearta a dhéanamh chun na bacainní atá ann do mhná agus iad ag baint úsáide as agus ag leanúint leis na seirbhísí comhairleoireachta, cóireála agus athshlánaithe a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin ar bhealach níos fearr. Áirítear foréigean baile, tráma, stiogma, saincheisteanna maidir le sláinte coirp agus meabhairshláinte, saincheisteanna maidir le toircheas agus cúram leanaí ar na bacainní sin, agus d'fhéadfaidís uile a bheith níos measa mar gheall ar thosca déimeagrafacha, socheacnamaíocha, staide agus pearsanta. Ba cheart tuiscint a léiriú do riachtanais shonracha agus taithí saoil na mban a bhfuil fadhbanna úsáide drugaí acu chun seirbhís éifeachtach a chur ar fáil agus ba cheart a aithint go bhféadfadh na pátrúin úsáide drugaí agus na fadhbanna a bheith éagsúil ó na cinn a bhaineann leis na fir. Ba cheart roghanna na seirbhísí do mhná amháin a fhorbairt, chomh maith le seirbhísí a thugann aire do na leanaí atá in éineacht leo agus a thairgeann cineálacha cúraim speisialaithe eile, ar nós dlúth-chomhpháirtíochtaí oibre le soláthraithe cúraim agus leis na seirbhísí a oibríonn le mná leochaileacha agus le híospartaigh foréigin baile.

6.6. Ba cheart aitheantas a thabhairt don éagsúlacht atá le feiceáil i measc na ndaoine a úsáideann drugaí agus ba cheart céimeanna a ghlacadh chun seirbhísí a chur ar fáil lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht sin agus lena léireofaí riachtanais na ngrúpaí difriúla maidir le fadhb na húsáide drugaí. Áirítear na grúpaí seo a leanas ar na grúpaí sonracha daoine a úsáideann drugaí agus a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu, a bhféadfadh riachtanais chúraim níos casta nó níos sonraí a bheith acu: leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta a bhfuil taithí acu ar úsáid fhadtéarmach drugaí agus ar spleáchas fadtéarmach ar dhrugaí, daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte comhghalracha acu, LGBTI+, daoine a bhaineann úsáid as ildrugaí, daoine a úsáideann drugaí agus ar tuismitheoirí iad, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, daoine a bhíonn ag gabháil d'obair ghnéis agus striapachas, agus daoine gan dídean. Chun gníomhú leis na grúpaí sin ar bhealach éifeachtach, teastaíonn samhlacha cúraim lena n-aithnítear an gá atá le comhpháirtíochtaí tras-sheirbhísí idir soláthraithe cúraim sláinte, cúraim don óige agus cúraim shóisialta agus grúpaí othar/cúramóirí.

6.7. Tá daoine ag fulaingt gan ghá mar gheall ar easpa rochtana ar shubstaintí rialaithe chun críoch leighis agus eolaíoch agus siocair nach bhfuil na substaintí sin ar fáil, agus níl sin i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta ná le hurraim do chearta an duine. San am céanna, tá baol mór ann go mbainfear mí-úsáid as na substaintí sin agus go ndéanfar iad a atreorú. Dá bhrí sin, is den ríthábhacht é go mbainfí leas iomchuí as na substaintí sin. Caithfear cur chuige cothrom lena ndíreofaí ar shaincheisteanna sistéamacha, dlíthiúla, airgeadais agus ar sholáthar gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus múscailte feasachta araon a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

## III. AGHAIDH A THABHAIRT AR DHOCHAR A BHAINEANN LE DRUGAÍ

D'fhéadfadh úsáid drugaí dochar a dhéanamh d'úsáideoirí, ó thaobh sláinte agus na gné sóisialta de, agus dá dteaghlaigh agus don phobal i gcoitinne chomh maith. Dá bhrí sin, dírítear sa chaibidil seo ar bhearta agus ar bheartais lena gcoisctear, nó lena laghdaítear, na rioscaí sláinte agus sóisialta agus an dochar a d'fhéadfadh a bheith ann d'úsáideoirí, don tsochaí agus sna príosúin. Ní mór riachtanais náisiúnta agus reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh agus na bearta agus na beartais sin á gcur chun feidhme.

Is mó seans gur bhain príosúnaigh úsáid as drugaí i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, agus is dóichí freisin go raibh siad ag gabháil do chineálacha contúirteacha úsáide, ar nós drugaí a instealladh. Bhain suas le 70 % de phríosúnaigh san Eoraip úsáid as druga aindleathach[9]. Is féidir le fadhbanna drugaí dul in olcas i bpríosúin mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann lena bheith i ngéibheann agus le hinfhaighteacht drugaí, lena n-áirítear substaintí sícighníomhacha nua. Ag an am céanna, d'fhéadfadh deis chóireála agus athshlánaithe a bheith ag baint le príosúnacht.

***Tosaíocht straitéiseach 7:*** *Idirghabhálacha laghdaithe riosca agus dochair agus bearta eile chun daoine a úsáideann drugaí a chosaint agus tacú leo*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 7.1. Leitheadúlacht agus líon na ngalar tógálach a bhaineann le drugaí agus drochthorthaí sláinte agus sóisialta eile a laghdú. |
| 7.2. Básanna a bhaineann le ródháileoga agus le drugaí a sheachaint. |
| 7.3. Rannpháirtíocht na sochaí sóisialta a chur chun cinn agus cistiú inbhuanaithe a áirithiú. |
| 7.4. Roghanna eile a thabhairt seachas smachtbhannaí comhéigneacha. |

9 EMCDDA Leathanach na n-ábhar a bhaineann leis an bpríosún, https://www.emcdda.europa.eu/topics/prison_en.

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

7.1. Ní mór infhaighteacht, inrochtaineacht agus cumhdach seirbhísí laghdaithe riosca agus dochair a chothabháil agus, nuair is gá, ní mór iad a fheabhsú. Ba cheart oiliúint maidir le bearta fianaisebhunaithe a chur chun feidhme freisin. Ba cheart na seirbhísí sin a bheith á dtreorú faoi na híoschaighdeáin cháilíochta le haghaidh idirghabhálacha chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú san Aontas. Is gá galair thógálacha fuil-iompartha agus a chóireáil a laghdú a thuilleadh, go háirithe VEID agus Heipitíteas C (HCV) agus pobail ardriosca shroicheadh agus iad a chur i dteagmháil le seirbhísí cúraim agus le seirbhísí tacaíochta eile. Cláir steallairí agus snáthaidí, atá nasctha le seirbhísí ísealtairsí cúraim shóisialta agus sláinte, teiripe agónaí le hóipiamóidigh, idirghabhálacha inrochtana deonacha tástála agus cóireála le haghaidh VEID agus HCV, tá siad á gcur chun feidhme ag Ballstáit an Aontais chun ionfhabhtuithe fuil-iompartha a sheachaint i measc lucht insteallta drugaí. Ina theannta sin, tá bearta éagsúla nuálacha laghdaithe riosca agus dochair curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun pobail ardriosca a shroicheadh, e.g. saoráidí maoirsithe tomhaltais drugaí, chun na rioscaí agus na dochair a laghdú agus chun na grúpaí is leochailí a chur i dteagmháil leis na seirbhísí cúraim. Ina theannta sin, tá seirbhísí ísealtairsí, obair fhor-rochtana agus comhoibriú le daoine a úsáideann drugaí agus lena dteaghlaigh ríthábhachtach freisin chun na drochthionchair a bhíonn ag úsáid drugaí ar shláinte agus ar an ngné shóisialta a laghdú.

7.2. Tá bearta éifeachtacha chun ródháileoga drugaí a sheachaint in easnamh sna freagraí reatha. Maidir le húsáid nalacsóin, an freasaitheach ópóideach, lena n-áirítear cláir faoina dtugtar an nalacsón abhaile, ba cheart an úsáid sin a fhiosrú agus a chur chun feidhme mar bhealach chun freagairt ar ródháileoga ópóideacha nó chun idirghabháil a dhéanamh iontu ina leith. Ina theannta sin, tá gá le tuilleadh fianaise i dtaobh saoráidí maoirsithe tomhaltais drugaí, ar mhaithe le básanna a bhaineann le drugaí a sheachaint. Tá ról tábhachtach ag seirbhísí drugaí freisin maidir le básmhaireacht a bhaineann le drugaí a chosc. Ba cheart bearta nua a mheas. Mar shampla, ba cheart cineálacha cur chuige nuálacha a fhorbairt agus a thástáil do dhaoine a úsáideann drugaí spreagthacha agus do dhaoine óga a théann chuig clubanna oíche agus cóisirí. Ina theannta sin, ba cheart na nuálaíochtaí éifeachtacha arna measadh go dearfach i seirbhísí laghdaithe dochair a bhí ann i roinnt Ballstát mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a choinneáil. Ní mór tuilleadh feabhais a chur ar fhaireachán agus ar thuairisciú na mbásanna básanna mar gheall ar ródháileog ar fud an Aontais. Ba cheart go mbeadh básanna ródháileog ina bpríomhtháscaire chun dul chun cinn a thomhas i gcur chun feidhme na Straitéise.

7.3. Chun go n-éireoidh linn na rioscaí agus na dochair a bhaineann le húsáid drugaí a laghdú, tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach fhóinteach na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus a spreagadh, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, daoine óga, daoine a úsáideann drugaí, cliaint na seirbhísí a bhaineann le drugaí, an pobal eolaíochta agus saineolaithe eile i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas drugaí. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfear leibhéal cuí acmhainní ar fáil do gach seirbhís drugaí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

7.4. Cé go bhfeidhmíonn na Ballstáit uile rogha amháin eile, ar a laghad, seachas smachtbhannaí comhéigneacha[10], le haghaidh ciontóirí a úsáideann drugaí agus le haghaidh daoine a ghabhtar, a chúisítear i leith cionta a bhaineann le drugaí nó daoine a fhaightear i seilbh drugaí d'úsáid phearsanta, ba cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu agus cur chun feidhme beart éifeachtach[11] a phríomhshruthú. A mhéid a bhaineann leis sin, ní cion coiriúil i roinnt mhaith Ballstát iad úsáid drugaí agus/nó sealbhú drugaí chun críoch úsáide pearsanta nó sealbhú méideanna beaga, nó bíonn an rogha ann staonadh ó smachtbhannaí coiriúla a fhorchur. Tá gá le sonraí níos cuimsithí agus níos doimhne mar aon le malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit sa réimse seo.

---

**10** De réir reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, leis an téarma "roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha" féadfar roghanna eile a chuimsiú a úsáidtear in ionad nó i dteannta na mbeart ceartais choiriúil traidisiúnta do chiontóirí úsáidte drugaí nó de bhreis ar na bearta sin.

**11** Déantar malairtí ar bhearta comhéigneacha a shainmhíniú mar bhearta a bhfuil gné athshlánúcháin éigin ag baint leo nó ar neamh-idirghabháil iad (mar shampla, cinneadh a dhéanamh gan cúiseamh ná ionchúiseamh a dhéanamh), agus bearta a úsáidtear in ionad príosúnachta nó pionóis eile (pianbhreith ar fionraí agus cóireáil drugaí, mar shampla). Féach na Conclúidí ón gComhairle, mí an Mhárta 2018, maidir le roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí (6931/18).

***Tosaíocht straitéiseach 8:*** *Aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus sóisialta na ndaoine a úsáideann drugaí i suíomhanna príosúin agus tar éis a scaoilte saor*

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 8.1. Comhionannas agus leanúnachas na bhforálacha cúraim sláinte i bpríosúin agus i seirbhísí promhaidh a áirithiú.<br>8.2. Bearta fianaisebhunaithe a chur chun feidhme i suíomhanna príosúin chun úsáid drugaí agus na hiarmhairtí sláinte a ghabhann leis sin a chosc agus a laghdú, lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol báis a bhaineann le drugaí agus an baol víris fuil-iompartha a tharchur.<br>8.3. Seirbhísí coisc agus atreoraithe i ndáil le cásanna ródháileoige a sholáthar chun leanúnachas an chúraim nuair a scaoiltear duine saor a áirithiú.<br>8.4. Srian a chur le hinfhaighteacht drugaí i bpríosúin. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

8.1. Ní mór seirbhísí cóireála drugaí, lena n-áirítear teiripe agónaí le hóipiamóidigh, athshlánú agus téarnamh do chiontóirí úsáidte drugaí chomh maith le forálacha chun stiogma a laghdú a chur ar fáil i bpríosúin d'fhir agus príosúin do mhná agus tar éis dóibh an príosún a fhágáil chomh maith le tacú lena n-ath-lánpháirtiú sóisialta. Is den ríthábhacht é múnla leanúnach cúraim a fhorbairt a bheadh oiriúnach do gach Ballstát agus do gach suíomh príosúin agus seirbhís phromhaidh chun ligean do phríosúnaigh rochtain a fháil ar an réimse tacaíochta atá de dhíth orthu chun a spriocanna pearsanta téarnaimh a bhaint amach agus iad ag dul isteach i bpríosún agus fad atá siad i bpríosún. Ar aon dul leis sin, tar éis do phríosúnaigh an príosún a fhágáil, ba cheart tacú leo trí rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta, ar fhostaíocht, ar thithíocht agus ar thacaíocht a chur ar fáil dá n-ath-lánpháirtiú sa tsochaí. Tá sé bunriachtanach rochtain leanúnach a chur ar fáil ar sheirbhísí drugaí fianaisebhunaithe, atá comhionann lena gcuirtear ar fáil sa phobal.

8.2. Cuid de straitéis chuimsitheach is ea cosc a chur ar úsáid drugaí agus tarchur ionfhabhtuithe fuil-iompartha laistigh de shuíomhanna coimeádta trí bhearta coisctheacha fianaisebhunaithe agus bearta laghdaithe riosca agus dochair arna ndéanamh ag foireann dhea-oilte piaraí. Ba cheart rochtain ar thástáil agus ar chóireáil a sholáthar d'ionfhabhtuithe fuil-iompartha agus do bhearta eile a laghdaíonn na rioscaí sláinte a bhaineann le húsáid drugaí a chur san áireamh i suíomhanna príosúin ar an mbealach céanna a dhéantar sa phobal.

8.3. Nuair a scaoilfear iad, d'fhéadfaí oiliúint feasachta maidir le ródháileog a chur ar fáil, i gcomhar le dáileadh nalacsóin lena ghlacadh sa bhaile, i gcás inar féidir, chun ródháileoga agus an bhásmhaireacht a bhaineann le drugaí a laghdú.

8.4.Ba cheart tús áite a thabhairt do na bealaí a sholáthraíonn drugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha nua isteach i bpríosúin. D'fhéadfaí úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana amhail comhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, faisnéis a roinnt agus a phróiseáil, dul i ngleic leis an éilliú, úsáid a bhaint as faisnéis agus tástáil drugaí, mar bhonn d'idirghabháil éifeachtach.

## IV. COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

***Tosaíocht straitéiseach 9:*** *An comhar idirnáisiúnta a neartú le tríú tíortha, le réigiúin, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, agus ar leibhéal iltaobhach chun cur chuige agus cuspóirí na Straitéise a shaothrú, lena n-áirítear i réimse na forbartha. Feabhas a chur ar ról an Aontais mar bhróicéir domhanda le haghaidh beartas drugaí atá duinelárnach agus dírithe ar chearta an duine*

De bharr cineál domhanda fheiniméan na ndrugaí, tá gnéithe inmheánacha agus seachtracha bheartas drugaí an Aontais ag éirí níos idirnasctha. Dá bhrí sin, tá comhar idirnáisiúnta riachtanach chun cur chuige agus cuspóirí na Straitéise a shaothrú. Ba cheart don chomhar sin a bheith ar aon dul leis an gcur chuige comhtháite ildisciplíneach cothrom fianaisebhunaithe a leagtar amach sa Straitéis. Cuidíonn sé freisin le dlús a chur le cur chun feidhme ghealltanais an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ba cheart do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 forbairt an bheartais idirnáisiúnta maidir le drugaí a threorú.

Tá caidreamh seachtrach an Aontais i réimse na ndrugaí bunaithe ar phrionsabail na freagrachta comhroinnte, an iltaobhachais, ar chur chuige a chur chun cinn atá dírithe ar an bhforbairt, ar an urraim do chearta an duine agus do dhínit an duine, ar an smacht reachta agus ar an urraim do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le rialú drugaí.

Ba cheart tacú go láidir le dlús a chur le cur chun feidhme Dhoiciméad Deiridh 2016 UNGASS agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Is treoirlínte tábhachtacha don bheartas idirnáisiúnta drugaí iad comhsheasamh chóras na Náisiún Aontaithe lena dtacaítear le cur chun feidhme an bheartais idirnáisiúnta rialaithe drugaí trí chomhar éifeachtach idirghníomhaireachta, chomh maith leis na Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Cearta an Duine agus an Beartas Drugaí. Ar aon dul leis sin, tá rannpháirtíocht leanúnach na sochaí sibhialta agus an phobail eolaíochta thar a bheith tábhachtach don Aontas, mar tá ról ríthábhachtach acu maidir le measúnú a dhéanamh ar staid dhomhanda na ndrugaí agus aghaidh a thabhairt uirthi.

Sa bhreis air sin, ba cheart comhtháthú na Straitéise agus a cuspóirí a ráthú laistigh de chreat foriomlán bheartais eachtrach an Aontais mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena mbaintear lánúsáid, ar bhealach comhleanúnach comhordaithe, as réimse iomlán na mbeartas agus na n-ionstraimí taidhleoireachta, polaitiúla agus airgeadais atá ar fáil don Aontas. Ceanglaítear leis sin go háirithe go ndéanfar comhar idirnáisiúnta i réimse na ndrugaí a chomhtháthú laistigh den chaidreamh polaitiúil foriomlán agus de na creat-chomhaontuithe idir an tAontas agus a chomhpháirtithe, ar an leibhéal náisiúnta agus/nó ar an leibhéal réigiúnach araon. I gcás inarb iomchuí, agus d'fhonn feabhas a chur ar an eolas ar an measúnú ar bhagairtí, ba cheart úsáid a bhaint as foirmeacha comhair le hionstraimí an Chomhbheartais Slándála agus Eachtraigh (CBSC) (amhail misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Chosanta (CBSC)), faoi chuimsiú bheartais an Aontais atá ann cheana. Ba cheart don Ardionadaí an próiseas sin a éascú le tacaíocht ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) .

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 9.1. Leanúint de na cláir oibre idirnáisiúnta iltaobhacha maidir le beartas drugaí a |
| 9.2. mhúnlú. Leibhéal inbhuanaithe idirphlé agus comhroinnte faisnéise a áirithiú maidir leis na straitéisí, na haidhmeanna agus na tionscnaimh ábhartha le tríú tíortha nó le réigiúin. |
| 9.3. Comhar idirnáisiúnta a chothú trí ghníomhaireachtaí inniúla de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach a thuilleadh laistigh dá sainorduithe faoi seach. |
| 9.4. Leanúint le cláir um chomhair le tríú tíortha nó le réigiúin agus le comhpháirtithe eile agus cláir nua a bhunú, bunaithe ar mheastóireachtaí rialta ar chláir den sórt sin. |
| 9.5. Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe beartais uile na Straitéise sa chomhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimsí na slándála agus an chomhair bhreithiúnaigh chomh maith leis na gnéithe sláinte de shaincheisteanna na ndrugaí. |
| 9.6. An tiomantas a neartú do bheartais drugaí atá dírithe ar fhorbairt agus do bhearta forbartha malartacha. |
| 9.7. Comhlíonadh na gcaighdeán agus na n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn i mbeartais dhomhanda maidir le drugaí. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

9.1. Ba cheart leanúint de chláir oibre idirnáisiúnta iltaobhacha maidir le beartas drugaí a mhúnlú i gcomhréir le cur chuige agus cuspóirí na Straitéise. Áirítear ansin comhar straitéiseach le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe le UNODC mar phríomheintiteas laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun cur ina haghaidh, chomh maith le rannpháirtíocht an Aontais i bpróisis bheartais na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha (CND) mar phríomhchomhlacht ceaptha beartas na Náisiún Aontaithe ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as cúrsaí rialaithe drugaí, agus i bhfóraim eile de chuid na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar réimse na sláinte, cearta an duine agus forbairt.

9.2. Ba cheart a áirithiú go mbeidh leibhéal inbhuanaithe idirphlé beartais agus comhroinnte faisnéise maidir leis na straitéisí, na haidhmeanna agus na tionscnaimh ábhartha tríd an idirphlé maidir le drugaí le comhpháirtithe idirnáisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal déthaobhach araon. Is príomheilimint de chur chuige an Aontais i leith an chomhair idirnáisiúnta iad na foirmeacha sin idirphlé. Sainaithnítear na comhpháirtithe lena dtosófar nó lena leanfar den idirphlé ar dhrugaí ar bhonn a ábhartha atá siad ó thaobh aghaidh a thabhairt ar staid dhomhanda na ndrugaí agus cuirtear san áireamh caidreamh foriomlán an Aontais leis na comhpháirtithe sin. Ba cheart an t-idirphlé sin a bheith comhlántach agus comhsheasmhach le struchtúir eile chomhair sheachtraigh agus lena dtionchar agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart é a bheith ina bhfóram ar a ndéanfar plé ar thosaíochtaí maidir le comhar agus dul chun cinn ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas.

9.3. Ba cheart comhar idirnáisiúnta i réimse na ndrugaí a chothú trí ghníomhairí an Aontais a rannpháirtiú a thuilleadh, go háirithe Europol agus EMCDDA laistigh dá sainorduithe faoi seach, i sineirgíocht le hobair na ngníomhaithe idirnáisiúnta, agus na hacmhainní ábhartha a chur ar fáil dóibh a theastaíonn chun a ról a neartú agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Straitéis.

9.4. Tá tionscnaimh agus cláir chomhair ríthábhachtach chun iarrachtaí na dtríú tíortha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna drugaí ar bhealach fianaisebhunaithe, comhtháite, cothromaithe agus ildisciplíneach, agus oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine á gcomhlíonadh go hiomlán, a neartú a thuilleadh agus tacú leo. Áirítear orthu sin cláir atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sláinte poiblí, na forbartha, na sábháilteachta agus na slándála. Ba cheart a áirithiú go mbeidh leibhéal iomchuí cistiúcháin agus saineolais (arna sholáthar ag an Aontas agus a Bhallstáit) lena n-áirítear trí chomhordú, faireachán agus meastóireacht ar thacaíocht airgeadais agus theicniúil a threisiú.

Ba cheart a áireamh leis sin freisin tacaíocht do na tíortha is iarrthóirí agus do na tíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus do thíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa, agus aird ar leith á tabhairt ar fhothú acmhainneachta a mhéid a bhaineann le laghdú ar sholáthar agus éileamh drugaí agus le beartais dhrugaí fianaisebhunaithe, éifeachtacha agus chothromaithe, trí chomhar neartaithe lena n-áirítear comhroinnt dhea-chleachtais an Aontais.

9.5. Le comhar idirnáisiúnta i réimse na ndrugaí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar réimse iomlán ghnéithe beartais na Straitéise, lena n-áirítear gnéithe slándála, forbartha agus sláinte de shaincheisteanna na ndrugaí.

Ba cheart a áireamh air sin cosc ar an gcoireacht a bhaineann le drugaí, comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith leis an sceimhlitheoireacht agus le foirmeacha eile coireachta trasnáisiúnta, mar a shainítear iad i gcreat dlíthiúil na Náisiún Aontaithe. Trí aghaidh a thabhairt ar tháirgeadh drugaí i dtíortha comhpháirtíochta, agus oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine á gcomhlíonadh go hiomlán, rannchuidítear go mór le soláthar agus infhaighteacht drugaí ar mhargadh intíre an Aontais a laghdú. Agus an comhar breithiúnach idirnáisiúnta, an comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus an comhar idir na faireachlanna drugaí, agus fothú acmhainneachta na n-údarás ábhartha á gcur chun cinn agus tacaíocht á tabhairt dóibh, ba cheart féachaint go leanúnach, le bearta faoin tosaíocht seo, le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus ar phríomhchúiseanna na coireachta eagraithe agus le feabhas a chur ar theacht aniar na bpobal áitiúil.

Ba cheart a áireamh leis sin freisin aghaidh a thabhairt ar ghnéithe na húsáide drugaí a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe an tionchar a bhíonn ag idirghabhálacha chun éileamh agus soláthar drugaí a laghdú ar dhaoine a úsáideann drugaí agus ar an bpobal. Tugann sin le tuiscint go gcuirfear cosc, cóireáil, laghdú riosca agus dochair, agus roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha chun cinn i gcomhréir le hoibleagáidí chearta an duine. Thairis sin, ba cheart rochtain agus infhaighteacht mhéadaithe ar shubstaintí rialaithe chun críoch leighis agus eolaíoch a chur chun cinn.

9.6. Ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar shaothrú drugaí aindleathacha i dtríú tíortha, a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige don Aontas, go háirithe poipíní óipiam do tháirgeadh hearóin agus plandaí cóca do tháirgeadh cóicín chomh maith le cannabas, trí ghealltanas athnuaite láidir i dtaobh bearta forbartha malartacha[12]: bunchúiseanna na ngeilleagar drugaí aindleathacha a ghleic trí chur chuige comhtháite ina gcomhcheanglófar iarrachtaí maidir le forbairt tuaithe, maolú na bochtaineachta, forbairt shocheacnamaíoch, cur chun cinn na rochtana ar thalamh agus ar chearta talún, cosaint an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide, cur chun cinn an smachta reachta, slándáil agus dea-rialachas, faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus ár ngealltanas i dtaobh an chomhionannais inscne á gcomhlíonadh go hiomlán. Leis na hiarrachtaí sin i réimse an chomhair forbartha, ba cheart cloí le treoirlínte agus caighdeáin Choiste Cúnaimh Forbartha (DAC) ECFE.

Ba cheart, leis na bearta sin, cloí freisin le prionsabail na neamhchoinníollachta, an neamh-idirdhealaithe, agus an tseicheamhaithe chuí, agus ba cheart rath na n-idirghabhálacha sin a thomhas ag baint úsáid as táscairí socheacnamaíocha a bhfuil níos mó ná fócas ar leith ar tháscairí faireacháin a úsáidtear do shaothrú drugaí aindleathacha ag baint leo, lena n-áiritheofar úinéireacht i measc na spriocphobal.

Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt d'idirghabhálacha beartais drugaí forbairtlárnacha mar bhealach dlisteanach le haghaidh a thabhairt ar fheiniméin amhail gáinneáil ar dhrugaí agus margaí drugaí uirbeacha i dtíortha i mbéal forbartha.

12 Féach Conclúidí ón gComhairle mhí na Samhna 2018 maidir leis an bhForbairt Mhalartach: "Ionsar nua-thuiscint ar an bhForbairt Mhalartach agus ar idirghabhálacha gaolmhara a bhaineann le beartas forbairtlárnach drugaí – rannchuidiú le cur chun feidhme UNGASS 2016 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe" (14338/18).

9.7. Ba cheart cosaint agus cur chun cinn chearta an duine a chomhtháthú go hiomlán i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le saincheisteanna drugaí, agus beidh siad ina gcuspóir sonrach den ghníomhaíocht sin, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar an leibhéal iltaobhach, idirphlé polaitiúil agus cur chun feidhme agus seachadadh clár agus tionscadal ábhartha i réimse na ndrugaí. Áirítear leis sin prionsabal na freagartha leordhóthanaí, comhréirí agus éifeachtaí ar chionta a bhaineann le drugaí a urramú, mar a léirítear i ndoiciméid uile na Náisiún Aontaithe maidir le beartas drugaí. Tá an tAontas go tréan agus go neamhbhalbh i gcoinne úsáid phionós an bháis i gcónaí agus i gcás ar bith. Sáraíonn pionós an bháis an ceart doshannta chun na beatha agus níl sé ag luí le dínit an duine. Ní fheidhmíonn sé mar dhíspreagadh ar choireacht agus bíonn aon iomrall ceartais a tharlaíonn ina leith do-aisiompaithe. Le cur i bhfeidhm phionós an bháis i leith cionta a bhaineann le drugaí, sáraítear freisin Airteagal 6 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla freisin[13]. Is cearta uilíocha, doshannta, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna an bheartais drugaí, an chúnaimh forbartha, an chúraim sláinte, agus an cheartais choiriúil[14].

---

13 'Sna tíortha nár cuireadh deireadh le pionós an bháis iontu, ní fhéadfar pionós an bháis a ghearradh ach le haghaidh na gcoireanna is tromchúisí' ar 'coireanna intinniúla (iad) lena mbainfidh iarmhairtí marfacha nó iarmhairtí an-tromchúiseacha eile'. Rún 1984/50 an 25 Bealtaine 1984 ó Chomhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe (ECOSOC).

14 *International Guidelines on Human Rights and Drug Policy* [Treoirlínte Idirnáisiúnta ar Chearta an Duine agus Beartas Drugaí] (https://www.humanrights-drugpolicy.org/site/assets/files/1/hrdp_guidelines_2019_v19.pdf).

## V. TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS FADBHREATHNAITHEACHT

***Tosaíocht straitéiseach 10:*** *Sineirgí a fhorbairt chun an bonn fianaise taighde cuimsitheach agus na hacmhainneachtaí fadbhreathnaitheacha is gá a chur ar fáil don Aontas agus dá Bhallstáit ionas gur féidir cur chuige níos éifeachtaí, níos nuálaí agus níos gasta a bheith ann i leith chastacht mhéadaitheach fheiniméan na ndrugaí, agus chun ullmhacht an Aontais agus a Bhallstát freagairt ar dhúshláin agus ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a mhéadú*

Cumhdaítear le raon feidhme réimse trasearnálach an taighde, na nuálaíochta agus na fadbhreathnaitheachta gnéithe sláinte agus gnéithe slándála fheiniméan na ndrugaí, agus aithnítear leis go bhfuil siad fite fuaite ina chéile. Is é an cuspóir atá leis rannchuidiú le tuiscint níos fearr ar gach gné d'fheiniméan na ndrugaí agus ar cad is idirghabhálacha éifeachtacha ann, chun bonn fianaise fónta a chur ar fáil don fhorbairt agus an cleachtas beartais is gá. Áiritheofar leis sin go bhfaighfear an t-uasluach ó infheistíocht sa réimse sin trí shineirgí agus leithdháileadh éifeachtúil acmhainní a chothú. Thairis sin, mar aitheantas ar fhuinneamh agus castacht mhéadaitheach fheiniméan na ndrugaí, molfar cur chuige a bheidh dírithe ar an todhchaí lena bhféadfar treochtaí agus forbairtí nua a shainaithint ar bhealach níos gasta agus freagraí fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach níos gasta. Éilítear leis sin an acmhainneacht theicneolaíoch is gá a fhorbairt le go mbeidh an tAontas agus a Bhallstáit níos ullmhaithe chun dúshláin nua nó géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid na ndrugaí a shainaithint agus freagairt orthu.

| **Réimsí tosaíochta nach mór aghaidh a thabhairt orthu:** |
|---|
| 10.1. Acmhainneachtaí taighde a neartú agus a leathnú agus comhroinnt agus úsáid níos fearr na dtorthaí a spreagadh.<br>10.2. An nuálaíocht a chothú, sa dóigh go n-athróidh beartais agus gníomhaíochtaí ó mhodh frithghníomhach go modh réamhghníomhach.<br>10.3. Fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus cur chuige dírithe ar an todhchaí a fhorbairt.<br>10.4. Comhordú agus sineirgí a neartú agus tacú le ról lárnach EMCDDA, Europol agus líonra pointí náisiúnta fócais Reitox maidir leis an taighde, an nuálaíocht agus an fhadbhreathnaitheacht.<br>10.5. Maoiniú leordhóthanach do thaighde a bhaineann le drugaí, don nuálaíocht agus don fhadbhreathnaitheacht a áirithiú. |

Sainaithníodh na tosaíochtaí seo a leanas:

10.1. Ba cheart é a bheith ina thosaíocht na hacmhainneachtaí maidir le faisnéis a bhailiú, faireachán, meastóireachtaí, samhaltú agus anailís a neartú agus a leathnú, agus comhroinnt agus úsáid níos fearr a spreagadh i ndáil leis na torthaí faoi ghnéithe éagsúla d'fheiniméan na ndrugaí agus na freagairtí. Ba cheart saineolas an phobail eolaíochta agus na sochaí sibhialta a chur san áireamh leis sin. Sa chomhthéacs sin, ní mór comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú le tionscnaimh chomhchosúla ar an leibhéal idirnáisiúnta chomh maith le héifeachtúlacht agus costéifeachtacht, agus aon ualach riaracháin breise nach bhfuil gá leis a sheachaint, go háirithe i ndáil le bailiú sonraí ag EMCDDA agus ag UNODC.

10.2. Is den tábhacht go neartófaí an acmhainneacht atá againn freagairt go réamhghníomhach seachas go frithghníomhach do dhúshláin nua agus do bhagairtí atá ag teacht chun cinn, trí bhíthin na nuálaíochta, agus trí mhodhanna agus teicneolaíochtaí nua a úsáid agus a cheapadh nuair a bhíonn idirghabháil le déanamh i ngeall ar an digiteáil. Go háirithe, ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí cuir chuige an réamhrabhaidh, agus teicneolaíochtaí fóiréinseacha agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt, a ghlacadh agus a úsáid chun faireachán, samhaltú, anailís agus freagairt níos fearr a dhéanamh ar dhúshláin nua agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn don tsláinte phoiblí agus don tslándáil. Is gá faireachán agus anailís níos fearr agus comhordaithe a dhéanamh ar na bagairtí a eascraíonn as an digiteáil, go háirithe inrochtaineacht drugaí aindleathacha trí ardáin na meán sóisialta, trí aipeanna, margaí idirlín/darknet, agus úsáid íocaíochtaí ar líne (lena n-áirítear criptea-airgeadraí) agus an chumarsáid dhigiteach chriptithe.

10.3. Ní mór an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach a fhorbairt mar aon le cur chuige atá dírithe ar an todhchaí chun an ullmhacht a mhéadú ionas go mbeifear in ann na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shainaithint agus freagairt dóibh, rud a chuideoidh le hathléimneacht institiúideach a chruthú agus freagairtí níos géire a chothú. Ba cheart a áireamh leis sin taighde chun tuiscint níos fearr a fháil ar na naisc idir feiniméan na ndrugaí agus saincheisteanna tábhachtacha eile beartais amhail an foréigean, fadhbanna sláinte agus sóisialta, agus dochar don chomhshaol.

10.4. Is mar thoradh ar iarrachtaí comhordaithe na ngeallsealbhóirí éagsúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a dhéanfar an taighde, an nuálaíocht agus an fhadbhreathnaitheacht a shaothrú lena ngabhfaidh sineirgí agus comhlántacht chun a áirithiú go soláthrófar an luach is airde is féidir as an infheistíocht sa taighde. Ba cheart do na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú agus iad a chomhordú maidir le sonraí a bhailiú, faireachán, samhaltú agus anailís, taighde, nuálaíocht agus an fhadbhreathnaitheacht i ndáil le gach gné ábhartha d'fheiniméan na ndrugaí, lena n-áirítear trí thacú a thuilleadh leis an ról atá ag líonra pointí náisiúnta fócais Reitox maidir le sonraí a bhailiú agus mar chomhéadan. Laistigh dá sainorduithe faoi seach, ba cheart na hacmhainní airgeadais is gá a bheith ag EMCDDA, Europol agus ag líonra pointí náisiúnta fócais Reitox, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais, chun ról tacaíochta lárnach a ghlacadh maidir le luathrabhadh, measúnú bagairtí agus rioscaí, taighde, nuálaíocht agus fadbhreathnaitheacht chun fianaise thráthúil fhónta a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus chun tacú leis na Ballstáit a mbeartas náisiúnta agus a ngníomhaíochtaí a fhorbairt maidir le faisnéis atá bunaithe ar fhianaise. Bunaithe ar na luathchomharthaí sainaitheanta, ar shamhaltú agus ar anailís ar shonraí reatha agus ar fhaisnéis reatha, ba cheart do na gníomhaireachtaí inniúla, go háirithe EMCDDA agus Europol laistigh dá sainorduithe faoi seach, a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le measúnuithe eolaíocha riosca agus measúnuithe ar bhagairtí straitéiseacha agus oibríochtúla ar an leibhéal Eorpach chun treoir agus spreagadh a thabhairt don taighde, an nuálaíocht agus an fhadbhreathnaitheacht maidir le drugaí rialaithe aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha araon.

10.5. Ba cheart don Aontas agus a Bhallstáit maoiniú leordhóthanach a áirithiú don taighde, an nuálaíocht agus an fhadbhreathnaitheacht i gcomhréir le cur chun feidhme na Straitéise. Ba cheart a áireamh leis sin, úsáid a bhaint as an gCiste Slándála Inmheánaí, as an gclár EU4Health, leis an sciar sin d'Fhís Eorpach a bhaineann leis an taighde slándála, as Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, as an gclár don Eoraip Dhigiteach agus as an gclár um Chearta agus Luachanna, i gcomhréir le ceanglais na Straitéise agus leis an bPlean Gníomhaíochta chun breisluach AE soiléir a sholáthar, comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú agus an dúbailt á seachaint ag an am céanna.

## VI. COMHORDÚ, RIALACHAS AGUS CUR CHUN FEIDHME

***Tosaíocht straitéiseach 11:*** *A áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as cur chun feidhme na Straitéise agus as an bPlean Gníomhaíochta, comhordú mar réamhshocrú leis na geallsealbhóirí uile agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta*

1. Ar bhonn na Straitéise, cuirfidh Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2021-2025 (dá ngairfear "an Plean Gníomhaíochta" anseo feasta) liosta gníomhaíochtaí ar fáil lena n-áirítear ar bhonn na gcritéar seo a leanas.

   Gníomhaíochtaí
   a) ní mór dóibh a bheith fianaisebhunaithe, fónta ó thaobh na heolaíochta de agus a bheith dírithe ar thorthaí réadúla intomhaiste inmheasta;
   b) beidh siad faoi cheangal ama agus saineofar na páirtithe a bheidh freagrach as a gcur chun feidhme;
   c) ní mór go mbeadh ábharthacht agus breisluach soiléir AE ag gabháil leo.

2. Ba cheart go n-éascódh cur chun feidhme na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta sineirgí agus comhsheasmhacht idir na beartais maidir le drugaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún, agus aird á tabhairt aige ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag SEGS, agus ar fhaisnéis atá ar fáil ó EMCDDA, ó Europol agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus ón tsochaí shibhialta, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta. Tá an dlúthchomhar agus an comhordú riachtanach sa réimse seo, i bhfianaise na n-inniúlachtaí atá fite fuaite ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Chun an comhordú a éascú agus aon obair leantach ar bheartais is gá a cheadú, lena n-áirítear faireachán, déanfaidh an Coimisiún dlúthchomhar leis an Uachtaránacht agus leis an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí ina cáil mar chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle atá i gceannas ar an mbeartas drugaí. Anuas air sin, ba cheart don Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí plé nó malartú a dhéanamh i ndáil le dea-chleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina dtacú leis na Ballstáit agus an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta á gcur chun feidhme acu. I ndáil leis an méid sin, ba cheart an leanúnachas idir na hUachtaránachtaí comhleanúnacha a áirithiú.

3. Iarrtar ar an gCoimisiún, agus faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag SEGS, agus ar fhaisnéis atá ar fáil ó EMCDDA, ó Europol agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus ón tsochaí shibhialta, tús a chur le meastóireacht sheachtrach fhoriomlán ar chur chun feidhme na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, a luaithe a bheidh siad ar fáil, agus faoin 31 Márta 2025, ar a dhéanaí, ionas go bpléifear sna fóraim ábhartha iad agus go háirithe an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí. Beidh an plé sin mar bhonn leis an sainmhíniú ar an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar bheartas drugaí an Aontais agus ar an timthriall ina dhiaidh sin de Straitéis Drugaí an Aontais a bheidh le formheas ag an gComhairle.

4. Ba cheart acmhainní iomchuí spriocdhírithe a leithdháileadh chun cuspóirí na Straitéise seo a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ba cheart leithdháileadh acmhainní a dhíriú go comhréireach ar na tosaíochtaí straitéiseacha sin, ar na réimsí agus ar na hidirghabhálacha sin arb iad is dóichí a bhainfidh amach aidhmeanna na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart cistiú chun tacú leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa Straitéis a leithdháileadh ó fhoinsí cistiúcháin trasearnálacha de chuid an Aontais, lena n-áirítear go háirithe as an gCiste Slándála Inmheánaí, as an gclár EU4Health, leis an sciar sin d'Fhís Eorpach a bhaineann leis an taighde slándála, as Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, as an gclár don Eoraip Dhigiteach agus as an gclár um Chearta agus Luachanna.

5. Ag eascairt as an measúnú ar EMCDDA, iarrtar ar an gCoimisiún, a luaithe is féidir, togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar shainordú an EMCDDA, chun a áirithiú go mbeidh ról níos stóinsí ag an ngníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann anois agus feasta a bhaineann le feiniméan na ndrugaí. Anuas air sin, ní mór na hacmhainní ábhartha a chur ar fáil do EMCDDA agus do Europol ionas go mbeidh ar a gcumas a ról faoi seach a chomhlíonadh i gcomhréir lena sainorduithe agus leis an Straitéis faoi seach, lena n-áirítear tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát i ndáil le drugaí.

6. Tá ról ríthábhachtach ag an gcomhordú maidir le héifeachtúlacht bheartas drugaí an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme, go háirithe i bhfianaise chineál trasearnálach an réimse sin. Chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach, beidh comhordú ann le gníomhaireachtaí, comhlachtaí nó eagraíochtaí arb ábhartha iad do réimse na ndrugaí, laistigh dá sainorduithe féin faoi seach: laistigh den Aontas – go háirithe an EMCDDA agus Europol – agus lasmuigh den Aontas, amhail UNODC, WCO, EDS agus Grúpa Pompidou. Ba cheart go bhféachfadh institiúidí an Aontais agus an tArdionadaí, gach ceann díobh laistigh de raon feidhme a gcumhachtaí faoi seach, a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí an Aontais i réimse na ndrugaí aindleathacha comhordaithe agus go gcomhlánóidh na gníomhaíochtaí sin a chéile. I gcás inarb ábhartha, ba cheart don Aontas comhordú a chur chun cinn i measc gníomhaithe seachtracha, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe.

7. I gComhairle an Aontais Eorpaigh, ba cheart an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí – an príomhchomhlacht comhordúcháin i ndáil leis an mbeartas drugaí – a choinneáil ar an eolas maidir leis an obair a d'fhéadfadh comhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna drugaí, amhail an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) agus an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí, chomh maith le comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle, lena n-áirítear i réimsí an chustaim, na n-ábhar breithiúnach agus coiriúil, fhorfheidhmiú an dlí, gnóthaí sóisialta, na talmhaíochta agus an chaidrimh sheachtraigh.

8. Ba cheart comhordú agus sineirgí a lorg idir an beartas drugaí agus na beartais eile, lena n-áirítear i réimsí na slándála agus na sláinte. Ba cheart na geallsealbhóirí ábhartha sna réimsí éagsúla a bheith rannpháirteach sa chomhordú, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, custaim lena n-áirítear saotharlanna custam, rialú teorann, na breithiúna, príosúin agus saoráidí ceartúcháin, na húdaráis eitlíochta sibhialta agus na húdaráis mhuirí, na gníomhaireachtaí leigheasra, na seirbhísí poist, na geallsealbhóirí a bhfuil baint acu leis an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an bhfaireachán, lena n-áirítear líonra pointí náisiúnta fócais Reitox, na seirbhísí sóisialta agus cóireála drugaí lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte, agus earnálacha an oideachais agus an choisc.

9. Go seachtrach, ba cheart don Aontas agus a Bhallstáit cur chuige agus cuspóirí na Straitéise a chur chun cinn d'aon ghuth. Ba cheart ról fónta a bheith ag Toscaireachtaí an Aontais i ndáil le cur chuige den sórt sin a chur chun cinn agus dioscúrsa comhleanúnach de chuid an Aontais maidir le beartas drugaí a éascú.

10. Agus beartais drugaí á bhforbairt agus á gcur chun feidhme, ba cheart a áirithiú rannpháirtíocht agus rannpháirteachas fóinteach na sochaí sibhialta – ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta – lena n-áirítear an Fóram de Shochaí Shibhialta maidir le Drugaí.